CINNEADH (CBES) 2021/1991 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Samhain 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (UNVIM)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2018, bunaithe ar iarraidh ó Shásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe (UNVIM), ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1249 ([1]) maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú leis an UNVIM.

(2) An 12 Deireadh Fómhair 2020, bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1465 ([2]) agus rinne sí gníomhaíocht an Aontais a athnuachan chun tacú leis UNVIM ar feadh tréimhse 12 mhí.

(3) Le Rún 2586 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, cuireadh síneadh le sainordú Mhisean na Náisiún Aontaithe chun tacú le Comhaontú Hodeidah (UNMHA) agus rinneadh é a oiriúnú chun tacú le cur chun feidhme an chomhaontaithe maidir le Cathair Hodeidah (UNMHA) agus calafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa, a leagtar amach i gComhaontú Stócólm agus a thug na páirtithe uile sa choinbhleacht in Éimin i gcrích an 13 Nollaig 2018 le Rún 2451 (2018), agus a formhuiníodh le Rún 2452 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe.

(4) D'iarr UNVIM tuilleadh tacaíochta ar an Aontas ar feadh bliana, lena n-áirítear síneadh a chur leis an tréimhse, go dtí an 28 Feabhra 2022, tréimhse ar lena linn a fhéadfar an ranníocaíocht arna deonú faoi Chinneadh (CBES) 2020/1465 a úsáid, mar aon le ranníocaíocht bhreise don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.

(5) Chun a shainordú a chomhlíonadh, rinneadh UNVIM a imscaradh chuig áiteanna i dtíortha comharsanachta Éimin, go háirithe Djibouti agus an Araib Shádach.

(6) Ba cheart don Aontas a thacaíocht do UNVIM a athnuachan ar feadh bliana agus a oiriúnú chun a shainordú a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2020/1465 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1(3) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'3. Leis an gCinneadh seo, tabharfaidh an tAontas tacaíocht d'Oifig Thoscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe le haghaidh Éimin agus UNMHA i dtaca le UNVIM a imscaradh i gcalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa agus in áiteanna eile i dtíortha comharsanachta Éimin, de réir mar is gá chun UNMHA a chur chun feidhme. Chun na críche sin, rannchuideoidh an tAontas leis na costais a bhaineann le UNVIM a atreisiú, agus ar an gcaoi sin cuideoidh sé le freagairt do riachtanais mhuintir Éimin mar chuid de straitéis dhaonnúil níos leithne.';

(b) agus scriostar an dara fomhír;

([1]) Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2018/1249 an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 235, 19.9.2018, lch. 14).

([2]) Cinneadh (CBES) 2018/1249 ón gComhairle maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 335, 13.10.2020, lch. 13).

(2) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is é EUR 2 059 838 a bheidh sna méideanna tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme **don tréimhse ón** 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 28 Feabhra 2022 agus is é EUR 2 200 000 a bheidh i gceist don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an méid tagartha seo faoin 1 Márta 2022 bunaithe, *inter alia*, ar an ráta ionsúcháin agus ar mheasúnú ar riachtanais ón gCoimisiún';

(3) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

'Rachaidh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2022.';

(4) Scriostar an Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES